Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10799/1/24**
**REV 1**

**SOC 433**
**EMPL 251**
**ECOFIN 651**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cóineasú Sóisialta san Aontas: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta<br>– *Cur i Láthair ó Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuairim thuasluaite ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta d'fhonn í a bheith curtha i láthair ag na Cathaoirligh Coiste faoi seach ag an seisiún den Chomhairle (EPSCO) an 20 Meitheamh 2024.

**Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cóineasú sóisialta san Aontas**

An 4 Meitheamh 2024

1. **Áiríodh den chéad uair riamh i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024 anailís thírshonrach nua ar chóineasú sóisialta aníos bunaithe ar ghnéithe den Chreat um Chóineasú Sóisialta ar bhonn píolótach.** Is éard atá sa chreat, a bhfuil tuairisc mhionsonraithe air sna Príomhtheachtaireachtaí gaolmhara ó EMCO-SPC agus sa Tuarascáil óna Meitheal[1], anailís dhá chéim atá dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit, lena gcuirtear torthaí san áireamh i ngníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha EMCO agus SPC chun an Chomhairle a chur ar an eolas faoi staid reatha an chóineasaithe shóisialta san Aontas.

2. **Rinneadh an anailís chéadchéime ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta a chomhtháthú i dTuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht, a ghlac an Coimisiún mar chuid de Phacáiste an Fhómhair an 21 Samhain 2023, agus a ghlac an Chomhairle (EPSCO) ina dhiaidh sin an 11 Márta 2024.** San anailís chéadchéime, rinneadh anailís ar na Ballstáit uile de réir na 17 dtáscaire ceannlíne den Scórchlár Sóisialta agus de réir mhodheolaíocht 'solas tráchta' na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht a cuireadh i bhfeidhm orthu chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos a shainaithint, ar rioscaí iad a mbeadh anailís níos doimhne ag teastáil ina leith. I dTuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht, sainaithníodh rioscaí den sórt sin i gcás seacht mBallstát[2].

---

[1] Féach na Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach agus an Tuarascáil ghaolmhar ó Mheitheal na gCoistí céanna. Cuireadh na doiciméid faoi bhráid na Comhairle (EPSCO) an 12 Meitheamh 2023. Pléadh na gnéithe den Chreat um Chóineasú Sóisialta i dtionól na Meithle idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus mí na Bealtaine 2023.

[2] Meastar go bhfuil údar leis an anailís dara céim má léiríonn sé cinn nó níos mó de tháscairí ceannlíne an Scórchláir Shóisialta dath dearg ('cás criticiúil') nó oráiste ('le faire') sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Bíonn cúis bhreise leis sin nuair a chuireann táscaire lena sonraítear dearg nó oráiste dhá mheath as a chéile i láthair ina chatagóiriú sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Is é sin an cás, mar shampla, má bhíonn athrú ó 'ar an meán' go dtí 'lag ach ag feabhsú' i dTuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, agus meathlú breise go dtí 'cás criticiúil' dá éis sin in eagrán 2024. D'áireofaí é sin mar 'bhratach' bhreise i dtreo íostairseach na sé bhratach ar an iomlán le haghaidh na gcatagóirí. Chun tuilleadh sonraí teicniúla a fháil, féach an bosca i gCaibidil 1, lch. 32, agus in Iarscríbhinn 4 agus 9 de Thuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht.

3. **Rinne an Coimisiún an anailís dara céim ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta agus foilsíodh í trí Dhoiciméad Inmheánach Oibre tiomnaithe an 6 Bealtaine 2024.**[3]. I gcás gach ceann de na seacht mBallstát a sainaithníodh sa chéad chéim, bhí anailís an dara céim ag brath ar thacar níos leithne d'fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil agus ar scrúdú a dhéanamh ar an bhfreagairt bheartais a rinne na Ballstáit nó atá beartaithe chun meastóireacht níos doimhne a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh dúshláin roimh an gcóineasú sóisialta aníos ann agus ar na príomhthosca a spreag iad. Díríodh an anailís dara céim go heisiach ar na réimsí beartais (margadh an tsaothair, scileanna, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta ina measc) a sainaithníodh mar réimsí a bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo don chóineasú sóisialta aníos sa chéad chéim. I ngach ceann de na réimsí beartais sin, bhí an anailís dara céim dírithe ar thuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairtí agus ar dheitéarmanaint, mar shampla, mar a éiríonn le grúpaí daonra agus/nó réigiúin éagsúla, lena n-áirítear trí shraith níos leithne de tháscairí ábhartha an Aontais atá ar fáil a mheas[4]. Breithníodh freisin an dul chun cinn atá déanta maidir le spriocanna náisiúnta 2030 i ndáil le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta.

---

[3] Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann maidir le réamhdhréacht dá n-anailís dara céim.

[4] Cé go bhfuil an anailís bunaithe den chuid is mó ar staitisticí comhchuibhithe de chuid an Aontais lena gceadaítear inchomparáideacht, áiríodh sonraí náisiúnta, i gcás inarb ábhartha, maidir le gnéithe nach bhfuil staitisticí comhchuibhithe ar fáil dóibh ar leibhéal an Aontais, nó nuair a thugann siad léargas tábhachtach breise chun an fhianaise ó staidreamh an Aontais a cháiliú agus/nó a chomhlánú.

4. **Ar bhonn na hanailíse dara céim, rinne EMCO agus SPC sraith ‘Athbhreithnithe um Chóineasú Sóisialta’ an 16 Bealtaine 2024.** Cumhdaíodh sna hathbhreithnithe na rioscaí agus na dúshláin don chóineasú sóisialta aníos atá roimh na Ballstáit a ndearnadh anailís orthu in anailís tíre dara céim an Choimisiúin ar chóineasú sóisialta, mar aon le cur chun feidhme Mholtaí Tírshonracha 2023 a eisíodh chuig na Ballstáit sin, i gcás inarb ábhartha. Le comhtháthú anailísí tíre an Chreata um Chóineasú Sóisialta sna gníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha, bhí EMCO agus SPC in ann an anailís dara céim níos leithne ar chóineasú sóisialta aníos a chumhdach mar aon leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2023, rud a d’éascaigh comhthuiscint níos cuimsithí ar mhargadh an tsaothair, ar scileanna agus ar dhúshláin shóisialta, agus ar na forbairtí beartais gaolmhara, a bhuí leis an bplé iltaobhach. Mhol roinnt Ballstát anailís chríochnúil an Choimisiúin chomh maith leis an deis barúlacha a thabhairt ina leith go déthaobhach sula dtabharfar chun críche í. Mar sin féin, i bhfianaise mionchoigeartuithe a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo, thug roinnt Ballstát le fios freisin go raibh easnaimh ann a bhain le líon an-teoranta de tháscairí ceannlíne an Scórchláir Shóisialta a comhaontaíodh agus a úsáidtear don anailís chéadchéime, agus gur gá tráthúlacht na dtáscairí agus na sainiúlachtaí náisiúnta a mheas san anailís dara céim.

– **I dtéarmaí na dtorthaí foriomlána, sainaithníodh roinnt dúshlán maidir le cóineasú sóisialta aníos i ndáil le héagothromaíochtaí laistigh de mhargaí saothair, córais oideachais agus oiliúna, agus maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta.** Is rómhinic a bhíonn inscne, aois, cúlra socheacnamaíoch, saoránacht agus bunadh eitneach fós ina dtuar láidir maidir le torthaí oideachais agus torthaí mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear trí rochtain a dhéanamh níos deacra ar dheiseanna uas-scilithe agus athscilithe, dálaí oibre cothroma, seirbhísí sóisialta, cúraim agus sláinte ar ardchaighdeán agus tithíocht inacmhainne. Mar thoradh ar shuntasacht na dtosca sin, bíonn neamhionannais ann i measc grúpaí daonra agus ar fud na réigiún, rud a chuireann bac, ar an iomlán, ar chomhtháthú sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon. Sa chomhthéacs sin, léiríodh sna hathbhreithnithe freisin an chaoi a bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí uirlisí láidre faireacháin a úsáid agus measúnuithe tionchair a dhéanamh lenar féidir meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a rinneadh agus aon choigeartú is gá le linn a gcur chun feidhme a shainaithint.

– **Agus ráta fostaíochta an Aontais ag an leibhéal is airde agus an ráta dífhostaíochta ag an leibhéal is ísle, bhí na margaí saothair an-láidir in 2023, agus ganntanas suntasach lucht saothair agus scileanna ann.** Tá comharthaí cóineasúcháin i measc na mBallstát le feiceáil go háirithe sna rátaí fostaíochta, agus feabhsuithe níos mó sna Ballstáit sin a thosaíonn ó staid níos measa. Ar an gcaoi chéanna, lean rátaí NEET de bheith ag laghdú, go háirithe sna Ballstáit sin ina bhfuil siad fós os cionn mheán an Aontais. Cé go léiríonn táscairí freisin go bhfuil laghdú tagtha ar dheighilt mhargadh an tsaothair, tá dúshláin fós ag baint le ráta ard na gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta i gcás ina bhfuil bearnaí sa chosaint shóisialta d'oibrithe sealadacha agus do dhaoine féinfhostaithe i dteannta a chéile. Ar an iomlán, maidir le beartais fostaíochta, tugadh le fios go láidir sna hathbhreithnithe nach féidir cóineasú sóisialta aníos a chothú ach amháin má thugann na Ballstáit aghaidh go héifeachtach ar bhearnaí fostaíochta atá sa phobal cheana, agus má ardaíonn siad rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht agus daoine i staideanna leochaileacha i margadh an tsaothair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Chuige sin, ní mór feabhas a chur ar an acmhainneacht beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (ALMPanna) atá dea-cheaptha agus spriocdhírithe ar bhealach níos fearr a chur ar fáil, in éineacht le seirbhísí cumasúcháin eile, lena dtacaítear le daoine atá in aois oibre agus lena dtugtar dóibh na scileanna is gá chun dul isteach i margadh an tsaothair, chun fanacht ann agus chun dul chun cinn a dhéanamh ann, lena n-áirítear ó thaobh scileanna glasa agus digiteacha de.

– **Tugann forbairtí a bhaineann le scileanna léargas níos ilghnéithí, agus forbairtí dearfacha le sonrú i roinnt Ballstát agus marbhántacht i mBallstáit eile.** Tá an tAontas fós i bhfad ó phríomhsprioc 2030 maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim a bhaint amach, agus tá gá fós le hiarrachtaí suntasacha ar an leibhéal náisiúnta. Tá bearta á gcur chun feidhme, le tacaíocht ó chistiú ón Aontas freisin – go háirithe tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus trí Chiste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+) – chun gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) agus córais ardoideachais a athchóiriú, cláir oiliúna laistigh de ALMPanna a fheabhsú agus a leathnú, leibhéil na scileanna digiteacha a ardú, agus córais **réamhaisnéise** scileanna a neartú, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis an earnáil phríobháideach freisin. Mar sin féin, mar gheall ar mhéid an dúshláin, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta beartais, lena n-áirítear i bhfianaise an aistrithe ghlais, an aistrithe dhigitigh, agus an athraithe dhéimeagrafaigh. Tá dúshláin fós ann maidir le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a ghleic, agus gan ach dul chun cinn beag déanta ina leith sin. Ar an iomlán, ó thaobh beartais scileanna de, tá sé ríthábhachtach i gcónaí aghaidh a thabhairt ar thionchar an chúlra shocheacnamaíoch ar rochtain ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán agus ar thorthaí gaolmhara chun cóineasú sóisialta aníos a chothú, ós rud é gurb iad na daoine is lú scileanna an dream is lú go fóill a thugann faoi ghníomhaíochtaí oiliúna agus, ar an gcaoi sin, is lú a bhaineann tairbhe as an aistriú glas agus as an aistriú digiteach.

– **Ba cheart é a bheith ina thosaíocht i gcónaí i roinnt mhaith Ballstát rochtain a áirithiú ar bhearta cuimsithe ghníomhaigh ar ardchaighdeán, a bheidh comhtháite le rochtain ar sheirbhísí riachtanacha agus sóisialta – go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal.** Is cúis imní fós iad forbairtí sa bhochtaineacht agus san eisiamh sóisialta, go háirithe ós rud é go raibh tionchar dosheachanta níos mó ag an mboilsciú ard a tharla le 2 bhliain anuas – mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin freisin – ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar theaghlaigh gan duine fostaithe. Dá thoradh sin freisin, bhí fíorphá níos ísle agus rátaí bochtaineachta lucht oibre níos airde i roinnt Ballstát. Go deimhin, ba mhinic a fritháiríodh iarrachtaí na mBallstát sochair shóisialta a mhéadú le hardú ar phraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí bunúsacha, rud a d'fhág nár leor leordhóthanacht na sochar sin chun daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht. I bhfianaise an ghá atá le hinbhuanaitheacht fhioscach agus leordhóthanacht na mbeart sin a áirithiú, tá deis ann i gcónaí feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí agus éifeachtacht na n-aistrithe sóisialta maidir le laghdú na bochtaineachta a fheabhsú. I roinnt Ballstát, d'fhéadfadh éifeachtúlacht níos fearr sa chaiteachas sóisialta cabhrú freisin le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis na córais cúraim sláinte agus chúraim fhadtéarmaigh, go háirithe i gcás ina mbíonn tionchar mór ag caiteachas neamh-in-aisíoctha ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach ar na daoine is leochailí. Tá rátaí bochtaineachta leanaí fós ard go ginearálta freisin, go háirithe i dteaghlaigh aontuismitheora a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán ar fud na mBallstát uile. Os a choinne sin, tá roinnt dul chun cinn le feiceáil ar an iomlán maidir leis na hiarrachtaí a rinneadh chun infhaighteacht cúraim leanaí fhoirmiúil a leathnú do leanaí faoi bhun trí bliana d'aois.

5. **Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as an anailís dara céim ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta agus as toradh na n-athbhreithnithe iltaobhacha faireachais a rinneadh in EMCO agus SPC chun bonn eolais a chur faoi Phacáiste Earraigh an tSeimeastair Eorpaigh.** Léireofar na príomhthorthaí, i gcás inarb ábhartha, sna Tuarascálacha Tíre agus beidh siad mar bhonn eolais do mhachnamh an Choimisiúin ar na tograí le haghaidh Moltaí Tírshonracha 2024 sna réimsí fostaíochta, scileanna agus sóisialta, de réir mar is iomchuí, ach gan aon uathoibríocht. Ar bhonn na dtograí ón gCoimisiún, cuirfidh an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta bailchríoch ar na moltaí tírshonracha an 2 agus an3 Iúil sula nglacfaidh an Chomhairle iad.

6. **Sa dara leath den bhliain, déanfaidh an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta measúnú ar an anailís phíolótach ar chóineasú sóisialta aníos bunaithe ar ghnéithe den Chreat um Chóineasú Sóisialta a cuireadh chun feidhme i dtimthriall 2024 den Seimeastar Eorpach.** Leis an measúnú sin ar an anailís phíolótach, cumhdófar, *inter alia*, a bhreisluach agus aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an ualach riaracháin, agus cuirfear an Chomhairle ar an eolas faoi, i gcomhréir leis an gcuireadh gaolmhar sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht[5]. Sa Rialachán nua ón Aontas a ghlac na comhreachtóirí tar éis an Athbhreithnithe ar Rialachas Eacnamaíoch, déantar tagairt do '*creat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint'* mar uirlis de chuid an tSeimeastair, ag tógáil ar Airteagal 148 CFAE. In Aithris 8, soiléirítear gur *'mar chuid dá anailís chomhtháite ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déanann an Coimisiún measúnú ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit agus déanann sé faireachán ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar bhonn an Scórchláir Shóisialta agus phrionsabail an Chreata um Chóineasú Sóisialta.'*[6].

---

[5] Féach mír 18 de na Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht, a d'fhormheas an Chomhairle (EPSCO) an 11 Márta 2024.

[6] Féach Aithris 8 agus Airteagal 3(b) de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle.